**Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí a rinneadh de bhun alt 111 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018**

**Uimhir Thagartha an Fhiosrúcháin: IN-19-4-1**

**Dáta an Chinnidh: 26 Meán Fómhair 2024**

<u>Réamhrá</u>

An 26 Meán Fómhair 2024, ghlac Coimisiún na hÉireann um Chosaint Sonraí ("**an Coimisiún**") cinneadh críochnaitheach i bhfiosrúchán reachtúil dá dheoin féin maidir leis an dóigh a raibh Meta Platforms Ireland Limited ("**MPIL**") ag próiseáil pasfhocail úsáideoirí ar sheirbhís Facebook. Rinneadh an fiosrúchán de réir an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, agus Airteagal 60 den Rialachán Ginearálta ón Aontas Eorpach maidir le Cosaint Sonraí ("**RGCS**"). Bhí an Coimisiún inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta i leith na próiseála a bhí i gceist, de bhun Airteagal 56 RGCS.

Breithníodh sa Chinneadh gnéithe ar leith den cheart bunúsach maidir le cosaint sonraí faoi Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar atá curtha in iúl sna rialacha sonracha cosanta sonraí atá in RGCS maidir le sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta agus maidir leis an oibleagáid atá ann slándáil sonraí pearsanta a chinntiú.

**<u>Cúlra an Phróisis Fiosrúcháin</u>**

Úsáideann MPIL teicnící cripteagrafacha agus criptithe nuair a stórálann sé pasfhocail úsáideoirí, agus ní stórálann sé na carachtair aonair dá bhfuil pasfhocal comhdhéanta. An 21 Márta 2019, chuir MPIL an Coimisiún ar an eolas gur stóráil sé gan chuimhneamh pasfhocail áirithe úsáideoirí meán sóisialta 'i ngnáth-théacs' ar a chórais inmheánacha (i.e., stóráil MPIL na carachtair bheachta ar iontráil úsáideoirí iad sa réimse pasfhocail, gan cosaint chripteagrafach ná criptiú cripteagrafach a chur i bhfeidhm). An 24 Aibreán 2019, thosaigh an Coimisiún fiosrúchán dá dheoin féin mar fhreagra ar an tsaincheist sin.

**<u>Próiseáil pasfhocal úsáideoirí ag MPIL</u>**

Scrúdaíodh sa chinneadh seo ón gCoimisiún dhá theagmhas logála pasfhocal ar leith ar tháinig MPIL ar an eolas fúthu i mí Eanáir 2019. Scrúdaíodh ann freisin na bearta slándála a bhí i bhfeidhm ag MPIL i dtaca le pasfhocail úsáideoirí a phróiseáil.

I mí Eanáir 2019, tháinig MPIL ar an eolas gur i ngnáth-théacs a stóráil sé na milliúin pasfhocal de chuid úsáideoirí san Aontas Eorpach de thaisme. Ba gan chuimhneamh a rinne MPIL na pasfhocail sin 'a logáil' (i.e., sonraí a bhailiú agus a stóráil thar thréimhse ama) ó úsáideoirí an fheidhmchláir 'Facebook Lite'. Is é is 'Facebook Lite' ann leagan éadrom-mheáchain saorsheasaimh d'aip Facebook.

Tarraingíodh aird MPIL ar an gcéad teagmhas tar éis é a aimsiú an 7 Eanáir 2019 le linn athbhreithniú inmheánach slándála. Aimsíodh an dara teagmhas maidir le pasfhocail a logáil i ngnáth-théacs an 31 Eanáir 2019, agus ba mhó i bhfad scála an teagmhais sin ná scála an chéad teagmhais. Luaigh MPIL gur tháinig an logáil gan chuimhneamh sin as athruithe cóid a cuireadh chun feidhme i mí na Samhna 2018 agus i mí na Nollag 2018. Tráth a cuireadh é ar an eolas faoi na teagmhais sin sa bhliain 2019, tháinig MPIL ar an tuairim nár shárú i ndáil le sonraí pearsanta de réir bhrí RGCS a bhí i bpasfhocail a logáil i ngnáth-théacs gan chuimhneamh i gceachtar cás.

Gairtear "**an tSaincheist Pasfhocal**" de na nithe thuasluaite ar fud an Chinnidh.

<u>**Na saincheisteanna a bhí le cinneadh**</u>

Agus iad leagtha amach ar bhealach níos mine thíos, tugadh aghaidh ar na ceithre shaincheist seo a leanas san fhiosrúchán agus sa chinneadh:

1. Cé acu a tháinig nó nár tháinig stóráil agus infhaighteacht na bpasfhocal úsáideoirí i ngnáth-théacs (mar a aimsíodh an 7 Eanáir 2019 agus an 31 Eanáir 2019) faoin sainmhíniú ar 'sárú i ndáil le sonraí pearsanta' atá in RGCS;

2. Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon MPIL na hoibleagáidí atá air mar rialaitheoir faoi Airteagal 33(1) RGCS fógra a thabhairt don Choimisiún faoi shárú i ndáil sonraí pearsanta gan moill mhíchuí agus, dá mb'fhéidir, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis dó teacht ar an eolas faoin sárú;

3. Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon MPIL na hoibleagáidí atá air mar rialaitheoir faoi Airteagal 33(5) RGCS sárú i ndáil le sonraí pearsanta a dhoiciméadú; agus

4. Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon MPIL prionsabal na sláine agus na rúndachta faoi Airteagal 5(1)(f) RGCS agus na hoibleagáidí atá air faoi Airteagal 32(1) RGCS a mhéid a bhaineann le cé acu a chuir nó nár chuir MPIL bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme chun leibhéal slándála is iomchuí don riosca a bhaineann le pasfhocail úsáideoirí a chinntiú.

*Achoimre ar Shaincheisteanna agus ar Chinntí*

<u>**Saincheist 1: Cé acu ab ionann nó nárbh ionann stóráil agus infhaighteacht na bpasfhocal i ngnáth-théacs agus sárú i ndáil le sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 4(12) RGCS**</u>

Sainmhínítear 'sárú i ndáil le sonraí pearsanta' mar a leanas in Airteagal 4(12) RGCS:

> *"...sárú ar shlándáil as a dtiocfaidh scriosadh, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar shlí eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach".*

Chun críche an mheasúnaithe uaidh ar cé acu a bhí nó nach raibh sárú i ndáil le sonraí pearsanta ann, bhreithnigh an Coimisiún ar dtús cé acu ab ionann nó nárbh ionann na pasfhocail ghnáth-théacs a bhí i gceist agus '*sonraí pearsanta*'.

Agus aird á tabhairt aige ar na fíorais, ar na haighneachtaí, ar an dlí agus ar na treoirlínte ábhartha, chinn an Coimisiún gurbh ionann pasfhocal a bhí stóráilte i ngnáth-théacs ar bhunachar sonraí MPIL agus sonraí pearsanta, toisc gurbh fhaisnéis í a bhain le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta. Ina theannta sin, tháinig na hoibríochtaí a rinneadh ar na sonraí pearsanta sin, amhail logáil agus stóráil, faoin sainmhíniú ar '*próiseáil*'.

*'Sárú ar shlándáil'*

Bhreithnigh an Coimisiún ansin cé acu a tharla nó nár tharla '*sárú ar shlándáil*' de bhun Airteagal 4(12) RGCS. Agus breithniú á dhéanamh aige ar an bhfíoras gurbh é an toradh a bhí ar an tSaincheist Pasfhocal ná go ndearnadh na pasfhocail de chuid líon an-mhór úsáideoirí Facebook Lite san Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a stóráil ar bhealach neamhbheartaithe i ngnáth-théacs i gcórais inmheánacha MPIL, agus iad á stóráil ar bhealach nach raibh ag teacht leis an mbeartas ná leis na bearta slándála a bhí i bhfeidhm ag MPIL féin maidir le pasfhocail úsáideoirí a stóráil agus ar bhealach nach raibh ag teacht ach oiread le caighdeáin tionscail a aithnítear go ginearálta maidir le stóráil shlán pasfhocal, chinn an Coimisiún gurbh ionann an dá theagmhas agus '*sárú ar shlándáil*'. Mheas an Coimisiún gur cuireadh pasfhocail úsáideoirí ar fáil do bhaill foirne MPIL ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cuntais úsáideoirí a nascadh le pasfhocail neamhchriptithe, rud ar '*sárú ar shlándáil*' é freisin.

*'Nochtadh neamhúdaraithe'* sonraí pearsanta nó '*rochtain neamhúdaraithe'* ar shonraí pearsanta

Chun críche an mheasúnaithe uaidh ar cé acu a bhí nó nach raibh 'sárú i ndáil le sonraí pearsanta' ann, bhreithnigh an Coimisiún ansin cé acu a bhí nó nach raibh an sárú ar shlándáil ina chúis le *'nochtadh neamhúdaraithe'* sonraí pearsanta nó le '*rochtain neamhúdaraithe'* ar shonraí pearsanta.

Chuir an Coimisiún san áireamh an fíoras gur léir gur logáladh pasfhocail ghnáth-théacs de shárú ar an mbeartas a bhí i bhfeidhm ag MPIL féin á rá nár cheart pasfhocail a stóráil i ngnáth-théacs. Thug an Coimisiún faoi deara freisin nach bhfuil coincheap an nochta neamhúdaraithe teoranta d'imthosca ina bhfuil ionsaí ann ó fhoinse sheachtrach; is féidir nochtadh neamhúdaraithe nó rochtain neamhúdaraithe a bheith bainteach freisin le teagmhais laistigh den rialaitheoir féin. Chinn an Coimisiún gurbh ionann an fíoras go raibh pasfhocail ghnáth-théacs ar fáil d'fhostaithe MPIL, agus go bhféadfadh siad iad a rochtain, agus *'nochtadh neamhúdaraithe'* sonraí pearsanta nó '*rochtain neamhúdaraithe'* ar shonraí pearsanta, mar atá leagtha amach sa sainmhíniú ar '*sárú i ndáil le sonraí pearsanta*'.

*Cailleadh sonraí pearsanta, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach*

Agus measúnú breise á dhéanamh aige ar cé acu a bhí nó nach raibh an tSaincheist Pasfhocal ina '*sárú i ndáil le sonraí pearsanta*' faoi RGCS, bhreithnigh an Coimisiún cé acu a bhí nó nach raibh '*cailleadh*' ann i leith na sonraí pearsanta a bhí i gceist. Mheas an Coimisiún gur tharla 'cailleadh' den sórt sin in imthosca inar chinn sé gur chaill an rialaitheoir smacht ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí inmheánacha próiseála féin. Ní raibh a fhios ag MPIL go raibh pasfhocail úsáideoirí á stóráil i ngnáth-théacs go dtí gur aimsíodh an tSaincheist Pasfhocal i mí Eanáir 2019. Sna himthosca sin, ba dheimhin leis an gCoimisiún gur chaill MPIL smacht ar shonraí pearsanta.

**Conclúid maidir le cé acu ab ionann nó nárbh ionann na teagmhais agus Sáruithe i ndáil le Sonraí Pearsanta faoi RGCS**

Chinn an Coimisiún gurbh ionann an dá cheann de na teagmhais maidir le pasfhocail a logáil i ngnáth-théacs, mar a sainaithníodh an 7 Eanáir 2019 agus an 31 Eanáir 2019, agus sárú i ndáil le sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 4(12) RGCS.

**<u>Saincheist 2: Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon MPIL na hoibleagáidí atá air faoi Airteagal 33(1) RGCS</u>**

Le hAirteagal 33(1) RGCS, ceanglaítear ar rialaitheoir sonraí fógra a thabhairt don údarás maoirseachta inniúil faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta gan moill mhíchuí agus, más féidir, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis dó/di teacht ar an eolas faoin sárú sin, mura rud é nach dócha go mbeidh riosca ann, mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha.

Agus breithniú á dhéanamh aige ar chur i bhfeidhm Airteagal 33(1) RGCS i leith na n-imthosca a bhí taobh thiar den tSaincheist Pasfhocal, bhreithnigh an Coimisiún ar dtús na pointí ama ag ar tháinig MPIL ar an eolas faoin dá shárú i ndáil le sonraí pearsanta.

Luaigh MPIL gur tháinig a fhoireann cosanta sonraí ar an eolas faoin tSaincheist Pasfhocal den chéad uair an 7 Eanáir 2019. Dá réir sin, ba ag an am sin a tháinig MPIL ar an eolas faoin gcás maidir le pasfhocail a logáil i ngnáth-théacs a aimsíodh an 7 Eanáir 2019 (agus, dá bhrí sin, faoi na fíorais a bhí taobh thiar den sárú i ndáil le sonraí pearsanta). D'aimsigh Meta Platforms, Inc., cás eile maidir le pasfhocail a logáil i ngnáth-théacs ina dhiaidh sin an 31 Eanáir 2019.

Ba an 21 Márta 2019, agus an lá sin amháin, a chuir MPIL an Coimisiún ar an eolas faoi na teagmhais a aimsíodh an 7 Eanáir 2019 agus an 31 Eanáir 2019. Ba é seasamh MPIL nárbh ionann an tSaincheist Pasfhocal agus sárú i ndáil le sonraí pearsanta. Mhaígh MPIL freisin nár dhócha go mbeadh an tSaincheist Pasfhocal ina cúis ar shlí eile le riosca do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha. Mar gheall ar é a bheith den tuairim eile, mheas an Coimisiún nár comhlíonadh an creat ama 72 uair an chloig atá sonraithe in Airteagal 33(1) le haghaidh fógra a thabhairt don údarás maoirseachta. Mheas sé freisin nárbh ionann na cumarsáidí ina dhiaidh sin ón rialaitheoir agus fógra dóthanach chun Airteagal 33(1) RGCS a chomhlíonadh.

Agus measúnú á dhéanamh aige ar na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine aonair, mheas an Coimisiún gur bhain an sárú sin i ndáil le sonraí pearsanta le sonraí pearsanta:

- a bhí de chineál íogair;
- a d'fhéadfaí a mheaitseáil le cuntais úsáideoirí aonair Facebook Lite; agus
- a bhféadfadh dianrioscaí a bheith ag baint leo, a mhéid a bhaineann le rúndacht sonraí pearsanta agus rochtain cuntais a chailleadh agus i ndáil le goid chéannachta.

Mar gheall ar na hiarmhairtí tromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann, mheas an Coimisiún go raibh leibhéal tromchúiseach riosca ag baint le tacar an-mhór pasfhocal a stóráil i ngnáth-théacs agus leis an tacar sin a chur ar fáil do dhaoine neamhúdaraithe.

Mhaígh MPIL nár sainaithníodh san imscrúdú inmheánach uaidh aon fhianaise ar mhí-úsáid a bheith ag teacht as an tSaincheist Pasfhocal, cibé acu ag daoine inmheánacha nó ag daoine seachtracha. Mar sin féin, ba dheimhin leis an gCoimisiún nach bhféadfadh MPIL beag is fiú a dhéanamh de na rioscaí thuas le linn na tréimhse fógra ab infheidhme i leith an dara sárú i ndáil le sonraí.

Bhreithnigh an Coimisiún freisin an fíoras gur rialaitheoir mórscála sonraí pearsanta é MPIL, a sholáthraíonn seirbhís a bhfuil na milliúin úsáideoirí aici. Dhearbhaigh MPIL féin go raibh líon an-mhór ábhar sonraí san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch i gceist leis an tSaincheist Pasfhocal.

**Conclúid maidir le cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon MPIL na hoibleagáidí atá air fógra a thabhairt don Choimisiún faoi sháruithe i ndáil le sonraí pearsanta**

Chinn an Coimisiún gur sháraigh MPIL Airteagal 33(1) RGCS nuair a mhainnigh sé fógra a thabhairt don Choimisiún faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta – ba é sin, a aimsiú an 31 Eanáir 2019 go raibh pasfhocail á logáil i ngnáth-théacs – gan moill mhíchuí agus laistigh de 72 uair an chloig tar éis dó an sárú a aimsiú.

**<u>Saincheist 3: Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon MPIL na hoibleagáidí atá air faoi Airteagal 33(5)</u>**

Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 33(5) RGCS:

> *"Déanfaidh an rialaitheoir aon sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta a dhoiciméadú, arb iad na fíricí a bhaineann leis an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, na héifeachtaí a bhaineann leis agus na gníomhaíochtaí feabhais a rinneadh. Leis an doiciméadacht sin, cuirfear ar chumas an údaráis maoirseachta a fhíorú an bhfuil an tAirteagal seo á chomhlíonadh.*

Agus imscrúdú á dhéanamh aige ar an dóigh a raibh ceanglais doiciméadachta Airteagal 33(5) RGCS á gcomhlíonadh ag MPIL, d'iarr an Coimisiún cóipeanna d'aon doiciméid nó taifid inar leagadh amach an mhodheolaíocht measúnaithe riosca a úsáideadh san anailís/sa mheasúnú uaidh ar cé acu ba dhócha nó nár dhócha go mbeadh riosca ann, mar thoradh ar logáil neamhbheartaithe pasfhocal i ngnáth-théacs, *"do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha"* faoi Airteagal 33(1) RGCS. Iarradh ar MPIL freisin doiciméadacht ar chruthaigh Oifigeach Cosanta Sonraí MPIL í a sholáthar chun críche a rannpháirtíochta san anailís/sa mheasúnú sin.

Mar fhreagra air sin, mhaígh MPIL nár ghá aon mheasúnú a rinneadh de bhun Airteagal 33(5) RGCS a dhoiciméadú go foirmiúil, ar bhonn an mheasúnaithe ó MPIL á rá nach raibh ceachtar teagmhas ina sárú i ndáil le sonraí pearsanta.

Gné shuntasach den oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 33(5) is ea go gcumasaítear d'údarás maoirseachta scrúdú a dhéanamh ar thuiscint chomhaimseartha an rialaitheora ar shárú i ndáil le sonraí pearsanta tráth a aimsíodh é. Ar an tslí sin, ní féidir le rialaitheoir féachaint go cúlghabhálach le húdar a thabhairt leis an gcinneadh uaidh/uaithi gan sárú i ndáil le sonraí pearsanta a thuairisciú, i gcás nárbh ann d'aon údar den sórt sin tráth a aimsíodh an teagmhas.

**Conclúid maidir le cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon MPIL na hoibleagáidí atá air sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta a dhoiciméadú**

Chinn an Coimisiún gur sháraigh MPIL Airteagal 33(5) RGCS nuair a mhainnigh sé na sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta a dhoiciméadú i dtaca leis an tSaincheist Pasfhocal. Go háirithe, b'ionann mainneachtain MPIL na sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta a aimsíodh an 7 Eanáir 2019 agus an 31 Eanáir 2019 a dhoiciméadú agus sárú scoite ar Airteagal 33(5) RGCS.

**<u>Saincheist 4: Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon MPIL an Prionsabal atá in Airteagal 5(1)(f) RGCS agus na hoibleagáidí atá air faoi Airteagal 32 RGCS maidir le Slándáil na Próiseála Sonraí Pearsanta.</u>**

Leagtar amach in Airteagal 5 RGCS na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. Leagtar amach in Airteagal 5(1)(f) RGCS *prionsabal na sláine agus na rúndachta*, lena bhforáiltear nach mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-

áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla. Tá an prionsabal sin bainteach go dlúth leis an gceanglas atá ar rialaitheoirí faoi Airteagal 32 RGCS bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun leibhéal slándála sonraí pearsanta is iomchuí don riosca a chinntiú.

Chun measúnú a dhéanamh ar an dóigh a raibh Airteagal 5(1)(f) agus Airteagal 32 RGCS á gcomhlíonadh ag MPIL, ba é an phríomh-shaincheist a bhreithnigh an Coimisiún ná cé acu a cinntíodh nó nár cinntíodh leis na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chuir MPIL i bhfeidhm i leith próiseáil pasfhocal úsáideoirí "*slándáil iomchuí na sonraí pearsanta*" agus, go háirithe, "*leibhéal slándála is iomchuí don riosca*" a eascraíonn as an bpróiseáil. Thug an Coimisiún aird ar chineál, raon feidhme, comhthéacs agus críoch na próiseála, mar aon leis na rioscaí do na cearta agus na saoirsí atá ag ábhair sonraí. Scrúdaigh an Coimisiún na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla a chuir MPIL chun feidhme maidir leis na hoibríochtaí próiseála a bhí ar bun aige i ndáil le pasfhocail.

<u>Na Bearta Slándála Teicniúla agus Eagraíochtúla a Chuir MPIL Chun Feidhme le haghaidh Próiseáil Pasfhocal</u>

<u>Creat sláintithe</u>

Chuir MPIL córas ar a dtugtar 'creat sláintithe' chun feidhme chun a shocrú nach stórálfaí pasfhocail ghnáth-théacs ar a chuid córas. Chuir MPIL síos ar an gcreat sláintithe mar *"chód lena gcuirtear deireadh le teagmhais dhóchúla sonraí sonraithe ó struchtúir aitheanta sonraí sula logáiltear na sonraí sin…"*. Bhí sé mar chuspóir leis an gcreat sláintithe a shocrú nach mbeadh sonraí íogaire in ann córais Facebook a bhaint amach, trí shonraí íogaire (amhail pasfhocail úsáideoirí i ngnáth-théacs) a shainaithint sula logáiltear iad agus trí théacs doiléirithe a chur in ionad na sonraí sin.

I gcomhthéacs na Saincheiste Pasfhocal, níor cuireadh creat sláintithe i bhfeidhm go díreach i leith fhreastalaí Facebook Lite. Ina ionad sin, bhí sé i gceist go mbeadh sonraí úsáideoirí ó Facebook Lite faoi réir an chreata sláintithe tráth a d'aistreofaí iad chuig freastalaí Facebook ina dhiaidh sin agus nach logálfaí iad go díreach ó fhreastalaí Facebook Lite.

Tharla sé, áfach, gur logáladh sonraí úsáideoirí go díreach ó fhreastalaí Facebook Lite, gan aon leas a bhaint as creat sláintithe chun pasfhocail ghnáth-théacs a bhaint.

Chuir MPIL creat sláintithe breise chun feidhme tar éis an 31 Eanáir 2019, rud a cuireadh i bhfeidhm go díreach i leith fhreastalaí Facebook Lite. Mheas an Coimisiún go raibh an creat sláintithe ina bheart réamhghníomhach lena gcuirfí cosc ar phasfhocail a logáil i ngnáth-théacs sula dtarlódh aon logáil den sórt sin. Chinn an Coimisiún freisin go dtarlódh sé, dá gcuirfí creat sláintithe i bhfeidhm i leith fhreastalaí Facebook Lite tráth na Saincheiste Pasfhocal, gurbh airde i bhfad an leibhéal slándála a bheadh ann toisc go ndéanfaí pasfhocail ghnáth-théacs a shainaithint agus a bhaint sula logálfaí iad.

Mheas an Coimisiún gurbh ionann an fíoras nár cuireadh aon chreat sláintithe i bhfeidhm i leith sonraí a logáladh ó fhreastalaí Facebook Lite sular aimsíodh an tSaincheist Pasfhocal i mí Eanáir 2019 agus léiriú ar mhainneachtain thromchúiseach shistéamach ar thaobh MPIL a chinntiú gur cuireadh bearta iomchuí slándála i bhfeidhm i leith na próiseála a bhí i gceist. Maidir leis sin, chinn an Coimisiún gur sháraigh MPIL Airteagal 5(1)(f) agus Airteagal 32(1) RGCS nuair a mhainnigh sé bearta iomchuí

teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun slándáil iomchuí sonraí pearsanta a chinntiú, i bhfianaise creat sláintithe a bheith in easnamh.

Achoimre ar Chinntí

| Uimh. | Airteagal de RGCS | Cinntí |
|---|---|---|
| 1 | Airteagal 4(12) | Chinn an Coimisiún um Chosaint Sonraí gurbh ionann an dá cheann de na teagmhais maidir le pasfhocail a logáil i ngnáth-théacs, mar a shainaithin MPIL iad an 7 Eanáir 2019 agus an 31 Eanáir 2019, agus sárú i ndáil le sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 4(12) RGCS. |
| 2 | Airteagal 33(1) | Chinn an Coimisiún um Chosaint Sonraí gur sháraigh MPIL Airteagal 33(1) RGCS nuair a mhainnigh sé fógra a thabhairt don Choimisiún um Chosaint Sonraí faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta gan moill mhíchuí agus laistigh de 72 uair an chloig ó aimsíodh an 31 Eanáir 2019 go raibh pasfhocail á stóráil i ngnáth-théacs. |
| 3 | Airteagal 33(5) | Chinn an Coimisiún um Chosaint Sonraí gur sháraigh MPIL Airteagal 33(5) RGCS ar dhá ócáid nuair a mhainnigh sé an sárú i ndáil le sonraí pearsanta a aimsíodh an 7 Eanáir 2019 a dhoiciméadú agus nuair a mhainnigh sé an sárú i ndáil le sonraí pearsanta a aimsíodh an 31 Eanáir 2019 a dhoiciméadú. |
| 4 | Airteagal 5(1)(f), 32(1) | Chinn an Coimisiún um Chosaint Sonraí nár chomhlíon MPIL ceanglais Airteagal 5(1)(f) RGCS agus Airteagal 32(1) RGCS (ag féachaint go háirithe d'Airteagal 32(1)(b)) nuair a mhainnigh sé bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun leibhéal slándála is iomchuí don riosca a chinntiú. |

Cumhachtaí Ceartaitheacha

I gcás go ndéanann an Coimisiún cinneadh faoi alt 111(1)(a) den Acht, ní mór dó freisin cinneadh a dhéanamh faoi alt 111(2) maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cumhacht cheartaitheach a fheidhmiú i ndáil leis an rialaitheoir nó leis an bpróiseálaí lena mbaineann agus, dá mba cheart, ní mór dó cinneadh a dhéanamh ar an gcumhacht cheartaitheach atá le feidhmiú.

Tar éis dó na sáruithe ar RGCS atá leagtha amach thuas a bhreithniú, chinn an Coimisiún na cumhachtaí ceartaitheacha seo a leanas a fheidhmiú de réir Airteagal 58(2) RGCS:

- Iomardú, de bhun Airteagal 58(2)(b) RGCS, maidir leis na sáruithe atá sainaitheanta sa Chinneadh; agus

- trí fhíneáil riaracháin dar luach iomlán €91 mhilliún, mar a leanas:

    i. Fíneáil €8 milliún maidir le sárú MPIL ar Airteagal 33(1) RGCS.

    ii. Fíneáil €8 milliún maidir le sárú MPIL ar Airteagal 33(5) RGCS.

iii. Fíneáil €75 mhilliún maidir le sáruithe MPIL ar Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) RGCS.

Is é cuspóir an iomardaithe ná cineál tromchúiseach na sáruithe a aithint go foirmiúil chun neamhchomhlíonadh den chineál céanna a chosc sa todhchaí i measc MPIL agus rialaitheoirí nó próiseálaithe eile a dhéanann oibríochtaí próiseála den chineál céanna. Ba le sonraí pearsanta de chuid na milliún daoine d'úsáideoirí Facebook a bhain na sáruithe. Ina theannta sin, chinn an Coimisiún gur rannchuidigh an dá shárú leis an riosca go ndéanfaí calaois ar na hábhair sonraí, go bpearsantófaí iad, go seolfaí turscar chucu nó go bhfulaingeodh siad caillteanas airgeadais nó clú.

Agus é ag cinneadh trí fhíneáil riaracháin dar luach iomlán €91 mhilliún a fhorchur, thug an Coimisiún aird chuí ar na tosca atá leagtha amach in Airteagal 83(2) RGCS. Mheas an Coimisiún freisin gur chomhlíon fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €91 mhilliún na ceanglais atá in Airteagal 83(1) RGCS á rá go mbeadh fíneálacha *éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach*.

Sular glacadh é, chuir an Coimisiún dréacht den chinneadh uaidh faoi bhráid na nÚdarás Maoirseachta lena mBaineann i mí an Mheithimh 2024, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 60(3) RGCS. Níor tharraing na hÚdaráis Mhaoirseachta lena mBaineann aon agóidí faoi Airteagal 60(4) RGCS in aghaidh an dréachtchinnidh. Fuarthas ceithre bharúil ó Údaráis Mhaoirseachta lena mBaineann maidir leis an dréachtchinneadh. Thug an Coimisiún aird ar na barúlacha sin, agus ar aighneacht deiridh ó MPIL, agus an cinneadh á thabhairt i gcrích aige lena ghlacadh.